


| | |
|---|---|
| **Coláiste \| Aonad Bainistíochta:** | Taighde agus Nuálaíocht UCD |
| **Scoil \| Aonad:** | Institiúid Mhic Con Mí UCD |
| **Teideal an Phoist agus Réimse Ábhair:** | Oifigeach Teicniúil (Ceardlann Mheicniúil) |
| **Fad an Phoist:** | Post Buan |
| **Grád:** | Oifigeach Teicniúil |
| **Bainisteoir Líne:** | Bainisteoir Oibríochtaí Institiúid Mhic Con Mí nó ainmnitheach |
| **Uimhir Thagartha an Chomórtais:** | 017986 |
| **Riarthóir AD:** | Jagoda Wychowaniak |

## Achoimre ar an bPost:

Is ionad taighde idirdhisciplínigh í Institiúid Mhic Con Mí an Taighde Bhithmhóilínigh agus Bhithleighis ag UCD a dhéanann iniúchadh ar mheicníochtaí sláinte agus galair i dtreo straitéisí coisctheacha agus réitigh dhiagnóiseacha agus theiripeacha nuálacha a fhorbairt. Is í an fhís atá againn ná a bheith ar thús cadhnaíochta i dtaighde agus i nuálaíocht bithleighis; an t-eolas sin a aistriú trí chomhpháirtíochtaí tionsclaíocha, acadúla agus cliniciúla chun leas a dhéanamh do shláinte agus d'fholláine in Éirinn agus thar sáile. Cuirimid timpeallacht fhuinniúil, idirdhisciplíneach ar fáil chun barr feabhais a éascú sna heolaíochtaí bhithleighis. Cuirtear leis sin ar ár gcumas fionnachtana nua a chur chun feidhme agus ceannairí den chéad ghlúin eile a chothú.

Is ionann na comhaltaí a bhaineann leis an Institiúid agus thart ar aon chúigiú d'ioncam taighde UCD le thart ar €35m in aghaidh na bliana agus cuimsítear leis sin thart ar 150 Comhalta Mhic Con Mí agus timpeall 500 ball foirne gaolmhar. Tá an dlúthailíniú taighde, an barrfheabhsú bonneagair, agus an fhorbairt chláir oibre nuálaíochta riachtanach le haghaidh rath leanúnach, chomh maith le cultúr a chothú inar féidir le fionnachtana nua a dhéanamh agus a bheith faoi bhláth.

Is mian linn anois Oifigeach Meicniúil Teicniúil (Ceardlann Mheicniúil Mhic Con Mí) a earcú a chuirfidh tacaíocht theicniúil ar fáil do shaothar taighdeoirí, mac léinn iarchéime agus foirne laistigh den institiúid. Beidh an sealbhóir poist freagrach as reáchtáil laethúil na Ceardlainne Meicniúla atá feistithe le deil, meaisín muilleála, druilirí, rothaí meilte agus trealamh táthaithe. Beidh réimse fairsing trealaimh agus fearais saotharlainne/eolaíoch le deisiú, seirbhísiú, cothabháil agus suiteáil ag an ról seo, chomh maith leis an monarú gnáthearraí agus earraí saincheaptha trealaimh do shaotharlanna taighde. Oibreoidh an té a cheapfar le baill foirne tacaíochta eile lena n-áirítear Oifigeach Teicniúil Sinsearach na ceardlainne leictrí i dtaca le hoibriú éifeachtach na hInstitiúide. Beidh cáilíocht Leibhéal 7 ar a laghad ag an iarrthóir a n-éireoidh leis/léi i ndisciplín ábhartha amhail Innealtóireacht Mheicniúil nó Monaraíocht/Déantúsaíocht, a bhfuil gné phraiticiúil shuntasach mar chuid den cháilíocht. Ba cheart dearcadh ildánach agus bua nádúrtha a bheith ag an té a cheapfar maidir le lochtanna a dhiagnóisiú agus a dheisiú. Spreagfar iad chun a gcáilíochtaí agus a dtaithí a fhorbairt mar chuid de thiomantas na hOllscoile d'fhorbairt gairme na foirne.

## Príomhdhualgais agus Príomhfhreagrachtaí:

**Dualgais a bhaineann go Sonrach leis an Aonad:**

- Ceardlann mheicniúil shainchuspóireach a oibriú agus a chothabháil
- Réimse fairsing trealaimh saotharlainne a dheisiú, a sheirbhísiú, a chothabháil agus a shuiteáil
- Gnáthearraí trealaimh mar aon le hearraí trealaimh saincheaptha le haghaidh taighde a dhearadh agus a dhéanamh

- Cabhrú le soláthar agus stóráil gás na hInstitiúide (CO2 , O2 N2 etc..) a bhainistiú agus a chothabháil.
- Soláthar uisce RO na hInstitiúide agus aonaid chóireála bhainteacha a bhainistiú agus a chothabháil
- Maoirseacht a dhéanamh ar ghnéithe oibre a bhaineann le Sláinte agus Sábháilteacht sa Cheardlann Mheicniúil agus iad a chomhlíonadh
- Dualgais réasúnta eile de réir mar is gá lena gcuirfear le gaisce na hInstitiúide Mhic Con Mhí.

**Scileanna Teicniúla:**

- Feabhsuithe teicniúla leanúnacha a chur chun cinn, caighdeáin a leagan síos agus solúbthacht a spreagadh laistigh den fhoireann
- Cur le cothabháil agus cúram trealaimh a bhaineann le taighde agus teagasc araon
- Coinneáil cothrom le dáta le forbairtí teicniúla agus dul in oiriúint do theicneolaíochtaí nua

**Sláinte agus Sábháilteacht:**

- Na cleachtais Sláinte agus Sábháilteachta is fearr a chur chun cinn
- A chinntiú go bhfuil cleachtas sábháilte agus úsáid trealaimh agus éadaí cosanta mar chuid den ghnáthamh laethúil
- Na rioscaí a d'fhéadfadh cur isteach ar shábháilteacht ag an obair a thuairisciú don mhaoirseoir ainmnithe agus iad a chur ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí is gá chun srian a choinneáil ar rioscaí, iad a laghdú nó a bhainistiú

**Bainistíocht agus Pleanáil:**

- Cuspóirí agus an chaoi a nascann siad leis an gclár oibre foriomlán laistigh den Scoil/Aonad a thuiscint
- Tús áite a thabhairt d'obair agus í a eagrú chun spriocanna na Scoile/an Aonaid a bhaint amach
- Cabhrú le gníomhaíochtaí bliantúla/réamhphleanála

**Scileanna Idirphearsanta:**

- Eolas teicniúil a chur in iúl ar bhealach soiléir, gonta agus sothuigthe
- Éisteacht le daoine agus déileáil leo go tuisceanach agus go foighneach.
- Cur go gníomhach le hobair na foirne, dea-shampla a thabhairt agus freagracht a ghlacadh as a gcinntí féin
- Cuidiú le gnéithe den phróiseas ionduchtúcháin do bhaill foirne agus mic léinn nua
- Freagra a thabhairt ar ghnáthiarratais ar chúnamh ó bhaill foirne

**Riachtanais Seirbhíse**

- Cur chuige seirbhíse gairmiúla a léiriú i leith gach gné den obair

**Nuálaíocht/Solúbthacht/Inoiriúnaitheacht**

- Réimsí nuálaíochta a shainaithint go réamhghníomhach agus moltaí praiticiúla a fhorbairt lena gcur chun feidhme
- Luach a chur ar smaointe nua agus ionchur ó dhaoine eile
- Sceidil, tascanna agus tosaíochtaí oibre a choigeartú de réir mar is cuí

**Aon Dualgais Eile:**

- Tabhairt faoi aon dualgais eile a thugann Bainisteoir Oibríochtaí na hInstitiúide Mhic Con Mí nó a n-ainmnitheach, nó a n-ainmnitheach.

**95 Oifig Theicniúil_2013 Scála Tuarastail: €45,793 - €60,117 in aghaidh na bliana**

Déanfar an ceapachán ar scála agus de réir threoirlínte na Roinne Airgeadais.

Tá sonraí maidir le hincháilitheacht chun dul san iomaíocht agus faisnéis pinsin ar fáil ag https://www.ucd.ie/hr/resourcing/eligibilitytocompete/

Tá UCD tiomanta do thimpeallacht chuimsitheach a chruthú ina ndéantar an éagsúlacht a cheiliúradh agus ina dtugtar comhionannas deiseanna do gach duine. Fáiltímid roimh iarratais ó gach duine, lena n-áirítear iad siúd a mbaineann aon cheann de na tréithe cosanta atá leagtha amach inár mbeartas um Chomhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú leo. Foghlaim tuilleadh faoin Éagsúlacht ag https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/

Soláthrófar socruithe réasúnacha d'aon iarratasóirí le linn an phróisis agallaimh a nochtann go bhfuil míchumas orthu nó go bhfuil siad néara-éagsúil.

## Critéir Roghnúcháin

Tugtar achoimre sna critéir roghnúcháin ar na cáilíochtaí, na scileanna, an t-eolas agus/nó an taithí a bheadh le léiriú ag an iarrthóir a n-éireoidh leis nó léi ar mhaithe le dualgais an phoist a chomhlíonadh. Déanfar iarratais a mheasúnú bunaithe ar a mhéid a shásaíonn na hiarrthóirí na critéir sin.

Éigeantach:

**Sainchritéir na Ceardlainne Meicniúla**

- Gnáthchéim Baitsiléara/Dioplóma Leibhéal 7 ar a laghad san Innealtóireacht Mheicniúil, Cothabháil, Monaraíocht agus/nó Déantúsaíocht a bhfuil gné phraiticiúil shuntasach mar chuid den cháilíocht: Dioplóma NCEA nó a chomhionann (do dhaoine aonair a thosaigh in UCD roimh mhí na Samhna 2006) le saincheardlanna, saincháilíocht nó sainscileanna breise.
- Inniúlacht theicniúil iomchuí atá cruthaithe agus follasach i réimse trealaimh ceardlainne a oibriú lena n-áirítear deileanna, meaisíní muilleála, trealamh táthaithe etc
- Feistiú & deileadh agus cothabháil crua-earraí meicniúla do ghníomhaíochtaí teagaisc, taighde agus nuálaíochta.
- Cumas chun oibriú ar ardleibhéal beaichte.
- Cumas chun trealamh meicniúil a chothabháil agus a dheisiú.
- Eolas ar chalabrú trealaimh, ar réiteach fadhbanna agus ar dheisiú
- Cur chuige loighciúil i leith fadhbanna a réiteach agus cumas chun lochtanna a aimsiú go cruinn
- Cumas chun limistéar Ceardlainne Meicniúil sainchuspóireach a chothabháil
- Cumas chun trealamh, tomhaltáin agus fardail a ordú agus a chothabháil,
- Taithí ar threalamh a cheannach agus ionstraimíocht taighde eolaíoch agus leighis éagsúil (lena n-áirítear díphacáil, aistriú agus feistiú binse) a shuiteáil.

**Critéir Theicniúla Ghinearálta**

- Scileanna cumarsáide agus idirphearsanta den scoth, idir scileanna béil agus scríofa
- Scileanna pleanála agus eagraíochta den scoth lena n-áirítear cumas léirithe oibriú go cruinn agus aird á tabhairt ar mhionsonraí
- Cumas chun coinneáil ar an eolas maidir le forbairtí teicniúla ábhartha
- Cumas chun ualaí oibre a chur in ord tosaíochta chun cuspóirí a bhaint amach.
- Eolas ar reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta mar a bhaineann sí leis an tsaotharlann agus leis an gceardlann.
- Cumas oibriú go neamhspleách agus faoi threoir chomh maith le cumas oibriú go dlúth le daoine eile mar

chuid de thimpeallacht foirne

- Taithí ar thacú le gníomhaíochtaí taighde
- Cur chuige solúbtha i leith na hoibre, agus toilteanas cabhrú le hathruithe a chur i bhfeidhm in eagraíocht atá ag teacht chun cinn
- Ní mór d'iarrthóirí feasacht ar chlár oibre comhionannais, éagsúlachta agus cuimsithe a léiriú.

Inmhianaithe:

- Taithí 3 bliana ar a laghad ar obair i dtimpeallacht saotharlainne nó cheardlainne/ in uath-thimpeallacht / i dtimpeallacht T&F
- Cáilíocht chreidiúnaithe fhoirmiúil in oibriú deileanna agus meaisíní muilleála
- Bua na nuálaíochta agus cumas chun saothair shaincheaptha a dhearadh agus a dhéanamh
- Taithí ar roinnt de na nithe seo a leanas nó gach ceann acu a chothabháil agus a dheisiú agus cumas chun amhlaidh a dhéanamh: cuisniúchán, caidéil fholúis, cóireáil uisce, gineadóirí gaile/uathchláibh, aer comhbhrúite, meaisíní níocháin tionsclaíocha
- Taithí ar shorcóirí gáis/rialtáin gháis agus ar an bpíbobair a bhaineann le C02, N2, O2 agus le gáis eile
- Cumas cruthaithe chun oibriú le conraitheoirí agus le hoibrithe eile i ndáil le soláthar, suiteáil agus cothabháil trealaimh
- Taithí ar bhogearraí deartha agus ar phriontáil 3D
- Taithí ag obair i suíomh oideachais lena n-áirítear taithí ar idirghníomhú le gach leibhéal foirne agus mac léinn.
- Oiliúint Gharchabhrach agus Sábháilteachta
- Taithí ar láimhseáil de láimh

## Eolas Breise:

| | |
|---|---|
| An Ollscoil: | https://www.ucd.ie/ |
| Straitéis UCD 2020-2024: Réidh don Todhchaí: | https://strategy.ucd.ie/ |
| Taighde agus Nuálaíocht UCD: | http://www.ucd.ie/research/about/officeofthevpforresearchinnovationandimpact |
| Institiúid Mhic Con Mí UCD: | http://www.ucd.ie/conway/ |
| Comhionannas, Éagsúlacht agus Cuimsiú (EDI) ag UCD | https://www.ucd.ie/workatucd/diversity/ |

**Fiosrúcháin Neamhfhoirmeálta AMHÁIN chuig:**

| | |
|---|---|
| Ainm: | Emer Bonham |
| Teideal: | Bainisteoir Oibríochtaí Institiúid Mhic Con Mí |
| Seoladh r-phoist: | Emer.bonham@ucd.ie |
| Fón: | 01 716 6705 |